# Gaelscoil Thaobh na Coille

Nuachtlitir

Márta
23/03/2026




*Banna Ceoil na Scoile ar an ardán sa Lárionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht ar an 4 Márta*

## Dúnadh do Shaoire na Cásca Easter Holidays

Tá mí an-ghnóthach curtha isteach againn leis an iliomad imeachtaí éagsúla idir ceol, drámaíocht, ealaíon agus damhsa le ceiliúradh a dhéanamh ar 'Sheachtain na Gaeilge' agus Lá Fhéile Pádraig. Tá sé deacair a chreidiúint go bhfuil aghaidh á thabhairt againn anois ar shaoire na cásca. Dúnfaidh an scoil do Shaoire na Cásca ar an Aoine 27 Márta ag 12:00. Beidh an scoil dúnta ar feadh coicíse agus ansin osclóidh sí arís do théarma an tSamhraidh ar an Luan 13 Aibreán.

*We have had a very busy month with a variety of events ranging from music, drama, arts and dance to celebrate 'Seachtain na Gaeilge' and St. Patrick's Day. It's hard to believe we are now heading into the Easter holidays. The school will close for the Easter holidays on Friday, March 27 at 12:00. The school will be closed for two weeks and will then reopen for the summer term on Monday, April 13.*

## Lá 'le Pádraig St. Patrick's Day

Bhí Lá Fhéile Pádraig ann ar an Mháirt. Ghlac roinnt mhaith daltaí páirte sa pharáid sa Chéim, lena gclubanna spóirt agus ceoil. Chuaigh go leoir daltaí suas go dtí an Chéim le féachaint ar an bparáid agus chuaigh roinnt páistí eile isteach go lár na cathrach leis an bparáid a fheiscint ansin. Bhain daltaí agus Múinteoirí uile na scoile taitneamh as an lá saor ón scoil – a bhuíochas do Naomh Pádraig!



*Tuesday was St. Patrick's Day. Many pupils took part in the parade in Stepaside with their sports and music clubs. Lots of pupils went up to Stepaside to watch the parade while some others went into the city centre to watch the parade there. All the pupils and staff enjoyed a lovely day off from school – thanks to St. Patrick!*



# SEACHTAIN NA GAEILGE

## Comórtas Póstaeir

Thosaigh Seachtain na Gaeilge ar an gcéad lá de Mhárta agus chríochnaigh sí ar an seachtú lá déag. Bhí neart rudaí spraíúla ar siúl sa scoil chun an Ghaeilge a cheiliúradh.

Rinne na ranganna sinsearacha póstaeir do na siopaí áitiúla chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Bhí na póstaeir ar fad ar ard-chaighdeán agus tá cuid de na póstaeir sinn le feiceáil i bhfuinneoga siopaí agus gnóthlachtaí logánta faoi láthair – coinnigh súil amach dóibh.

## Poster Competition

Seachtain na Gaeilge started on the first of March and ended on the seventeenth. We celebrated the Irish language with lots of fun activities and special events.

The senior classes designed posters for local shops to promote the Irish language. All the posters were of a high quality and the winning posters can currently be seen in the windows of local shops and businesses – keep an eye out for them.







## Comórtas Claisceadail na Céime

Bhí comórtas Claisceadail na Céime ar siúl ar an Déardaoin 12 Márta ag a 10.00am i nGaelscoil Thaobh na Coille. Comórtas Claisceadail é seo atá dírithe ar dhaltaí rang a 4. Cór ranga agus ní cór speisialta atá i gceist. Is é/í an múinteoir ranga a dhéanann an cór a stiúradh agus bíonn gach páiste sa rang ag canadh sa chór. Dhá amhrán traidisiúnta Gaeilge a bhíonn le canadh ag gach claisceadal. Bhí 9 rang a 4 ó 5 scoil sa cheantair páirteach i gComórtas Claisceadail na Céime i mbliana. Gaelscoil Thaobh na Coille, Bunsdoil Oideachas le Chéile na Céime, Scoil Nmh Mhuire, Scoil Nmh Pádraig, Gleann Cuilean agus Gaelscoil Shliabh Rua. Nach orainn a bhí ríméad nuair a bhí an bua ag R4B ó Ghaelscoil Thaobh na Coille. Bealach an -deas é an comórtas seo (a eagraíonn Gaelscoil Thaobh na Coille) le ceiliúradh agus treisiú a dhéanamh ar na hamhráin traidisiúnta Gaelach agus ar an nGaeilge í féin.



## Comórtas Claisceadail na Céime

*Comórtas Claisceadail na Céime choir competition took place on Thursday 12 March at 10.00am in Gaelscoil Thaobh na Coille. This is a singing competition aimed at 4th class pupils. It is a class choir and not a special choir. The choir is conducted by the class teacher and every child in the class sings in the choir. Two traditional Irish songs are sung by each class choir. Nine 4th classes from 5 local schools participated in Comórtas Claisceadail na Céime this year - Gaelscoil Thaobh na Coille, Stepaside Educate Together, St Mary's, Woodside, St Patrick's, Glencullen, and Gaelscoil Shliabh Rua. We were delighted when R4B from Gaelscoil Thaobh na Coille won the cup. This competition (organised by Gaelscoil Thaobh na Coille) is lovely way to celebrate and promote traditional Irish songs and the Irish language itself. Comhghháirdeachas R4B agus an Múinteoir Ní Dhubhthaigh.*

## Comórtas Ealaíne Sóisearach

Dhear daltaí na ranganna sóisearacha pictiuir bunaithe ar rannta agus amhráin a d'fhoghlaim siad ar scoil. Bronnadh duais beag ar an dá phictiúr ab fhearr i ngach rang.

## Junior Art Competition

*The pupils in the Junior classes designed pictures based on rhymes and songs they learned in class. A small prize was awarded to the two best pictures in each class.*



Cúigear Fear ag Tógáil Tí: Éile Chambers R2A




Gugalaí-gug mo Chircín Dubh: Leah Nic Cana N1B

## Tráth na gCeist DLR

Ghlac dhá fhoireann ó R5 & R6 páirt i dTráth na gCeist ag d'eagraigh DLR do bhunscoileanna an cheantair mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge. D'éirigh thar barr leis an dá fhoireann agus tháinig foireann amháin sa dara háit agus an fhoireann eile sa 4ú háit. Bhuaigh foireann Bord a 12 dearbhán €25 an duine & dearbhán €150 don scoil ó Nimble Fingers. Ceannófar cluichí boird don scoil gur féidir leis na páistí a imirt ar na laethannta nach féidir dul amach ar an gclós de bharr na báistí.



## DLR Table Quiz

*Two teams from R5 & R6 took part in a Table Quiz organised by DLR for primary schools in the area as part of Seachtain na Gaeilge. Both teams did extremely well, with one team coming in 2nd place and the other in 4th place. They won a €150 Nimble Fingers voucher for the school as well as a €25 voucher each. Board games will be purchased for the school that the children can play during break times on days when it is not possible to go out into the yard due to the rain and bad weather.*



## Bliots Iománaíochta Andy Gibbons

Bhí Rang a Trí ag cleachtadh iománaíochta le cúpla seachtain anuas. Ar an Déardaoin naoú lá déag de Mhárta ghlac na daltaí ar fad páirt i mbliots Iománaíochta Andy Gibbons. Bhí an t-ádh dearg leo ó thaobh na haimsire de - bhí an lá tirim, teolaí agus geal - athrú mór ón mbáisteach leanúnach a bhí ann le déanaí!

D'éirigh le foireann amháin (as ceithre fhoireann) dul ar aghaidh go dtí an chéad badhta eile – Craobh Sciath Andy Gibbons. Beidh an craobh ar siúl ar an Mháirt seo chugainn 24 Márta. Guímid gach ádh orthu.

## Andy Gibbons Hurling Blitz

*Third Class have been honing their hurling skills over the last few weeks. On Thursday the nineteenth of March all the pupils in R3 participated in the Andy Gibbons Hurling Blitz. They were extremely lucky with the weather - the day was dry, warm and bright – a big change from the continuous rain of late!*

*One of the teams (one of four) progressed to the next round - the Andy Gibbons Shield Final. The final will take place next Tuesday the 24th of March. We wish them all the best.*

## Córfhéile na Scoileanna

Bhí an Córfhéile ar siúl ar an 4ú lá de Mhárta. Ghlac Rang a hAon, Rang a Trí agus Banna Ceoil na Scoile páirt sa Chórfhéile. B'iad rang a trí a chuir tús le taispeántas na hoíche. Bhí siad ag seinm na feadóige agus ag canadh freisin. Chanadar Bog Braon agus Cad é Sin don Té Sin agus sheinneadar Britches Full of Stitches. B'iad R1 a bhí ar an ardán don cúigiú mhír, Chan siad dhá amhrán álainn; Trup Trup a Chapaillín agus Téir Abhaile Riú. Bhíodar an-ghleoite go deo agus fuaireadar bualadh bos an-mhór ón lucht féachanna. Chuir Banna Ceoil na scoile sár-thaispeántas ar an árdán i dtreo deireadh na hoíche agus bhíomar an-bhródúil go deo astu. Bhí an halla lán go doras agus atmaisféar álainn dearfach sa halla. Bhain gach duine an-sult as an oíche iontach ceoil agus bhíomar thar a bheith bródúil as daltaí uile Ghaelscoil Thaobh na Coille. Buíochas ollmhór leis na Múinteoirí ar fad a d'ullmhaigh na grúpaí éagsúla don Chórfhéile.




## Seisiún Ceoil Idirscoile

Tháinig Grúpa Ceoil Ghaelscoil Thaobh na Coille agus Grúpa Ceoil Scoil Naithí le chéile le seisiún ceoil a bheith acu anseo i nGaelscoil Thaobh na Coille. Bhí an-cheol go deo le cloisteáil ón halla i rith an lae.




## Córfhéile na Scoileanna

*Córfhéile na Scoileanna took place on the 4th of March. Rang a 1, Rang a 3 and the School's Banna Ceoil took part in Córfhéile na Scoileanna. Rang a 3 opened the evening's performance. They played the tin whistle and sang a couple of songs. They sang Bog Braon and Cad é Sin don Té Sin and played Britches Full of Stitches on the tin whistle. R1 were the fifth act on stage. They sang two lovely songs; Trup Trup a Chapaillín and Téir Abhaile Riú. They were absolutely brilliant and received a huge round of applause from the audience. The Banna Ceoil took to the stage towards the end of the evening. We were very proud of them. The hall was packed to the rafters and there was a really positive atmosphere in the hall. Everyone thoroughly enjoyed the wonderful night of music and we were extremely proud of each and every one of the pupils who participated in the Córfhéile. A huge thank you to all the teachers who prepared the three groups for the Córfhéile.*

## Interschools Music Session

*Gaelscoil Thaobh na Coille's Grúpa Ceoil and Scoil Naithí's Grúpa Ceoil came together for a music session here in Gaelscoil Thaobh na Coille. Lovely music could be heard all day coming from the hall .*





## Maidin Chaifé

D'eagraigh daltaí R6A maidin chaifé do thuismitheoirí uile na scoile ar an Aoine 13 Márta mar chuid de choicís na Gaeilge. Chaith siad an lá roimh ré ag bácáil cácaí agus milseoga agus bhí gach ceann acu níos deise agus níos blasta ná a chéile. D'eagraigh na daltaí ceisteanna do na tuismitheoirí len iad a chur ag baint úsáide as a gcuid Gaeilge agus bhí crannchur acu dóibh siúd a d'fhreagair na ceisteanna as Gaeilge! Bhí an oiread sin cácaí acu gur roinn siad a raibh fágtha ar dhaltaí R6B agus an dá rang a 5 agus a 4. Rinne siad an-jab go deo.





## Coffee Morning

The pupils from R6A organised a coffee morning for all the parents of the school on Friday 13th March as part of Coicís na Gaeilge. They spent the previous evening baking cakes and deserts, and each one was more delicious than the other. The pupils prepared questions for the parents so that they could practice their Gaeilge and they held a raffle for those who answered questions in Irish! They had so many cakes that they shared the leftovers with the pupils in R6B and the two 5th and 4th classes. They did a great job!



## Céilí Sheachtain na Gaeilge

Bhí Céilí Mór na Féile Pádraig ar siúl ar an Luan 16 Márta. Tháinig na páistí ar scoil gléasta in éadaí glas, bán agus oráiste. Bhí na páistí sna ranganna sinsearacha ag rince lena gcairde speisialta sna ranganna sóisearacha agus thugadar an-aire dóibh. Bhí an-áthas orainn fáilte a chur ar ais chun na scoile roimh ár múinteoir rince álainn Nuala Ní Eochaidh, a bhí mar bhean a'tí don chéilí.



*Our St. Patrick's Day Céilí Mór took place on Monday 16th March. The children came to school dressed in green, white and orange. The pupils in the senior classes danced with their special friends in the junior classes and were very attentive to them. We were delighted to welcome back to school our lovely dance teacher Nuala Ní Eochaidh, who acted as the MC for the céilí.*





## Ceolfhoireann Siansach na hÉreann

Bhain daltaí R5 agus R6 an-taitneamh as an turas go dtí an Ceoláras Náisiúnta Dé Máirt 10 Márta len éisteacht le Ceolfhoireann Siansach na hÉireann.

## National Symphony Orchestra

*R5 & R6 thoroughly enjoyed their trip to the National Concert Hall on Tuesday 10$^{th}$ March to listen to the National Symphony Orchestra of Ireland.*









## Féile Scoildrámaíochta

Ghlac R5B, faoi chúram an Múinteoir Mícheál de Bhailís, páirt sa bhFéile Scoildrámaíochta i mbliana. Chuireadar an dráma 'Jimín Mháire Thaidhg' ar an ardán ag tús na míosa. D'oibríodar go dian le cúpla mí anuas leis na focail ar fad a fhoghlaim. D'oibrigh na haisteoirí, an fhoireann fuaime agus an fhoireann cúlstáite as lámh a chéile agus chuireadar an-taispeántas ar siúl. Mhol an moltóir go hard an léiriú a chuir siad ar an stáite agus dúirt sé go raibh sé soiléir go raibh an-obair déanta acu ar an dráma. Tugadh cuireadh do thuismitheoirí R5B agus daltaí na scoile leis an dráma a fheiceáil agus bhaineadar ar fad an-taitneamh as.



### Buaiteoirí Comórtas Ealaíne SnG 2026

| Rang | Siopa | Buaiteoir |
|---|---|---|
| N1A | Istigh sa Zú | Sarah Stronge |
| | | Tommy Ó Greacháin |
| N1B | Gugalaí Gug mo Chircín Dhubh | Leah Nic Cana |
| | | Finn Breathnach |
| N2A | A hAon a Dó Muc agus Bó | Celina Ní Threasaigh |
| | | Zachary Mac Philib |
| N2B | Haigh Didil Didil | Éabha Ní Dhuinn |
| | | Johnny Dáibhis |
| R1A | Is Buachaill Bó Mise | Emily Gaddren |
| | | Ceol Ó Laighneáin |
| R1B | Froganna Beaga Glasa | Alice Nic Stiofáin |
| | | Rían Ó Dubhchonna |
| R2A | Cúigear Fear ag Tógáil Tí | Élle Chambers |
| | | Oscar Ó Donnabháin |
| R2B | Micilín Muc | Jacob D'Altún |
| | | Chloe Ní Mhurchú |








## Féile Scoildrámaíochta

*R5B, under the supervision of Múinteoir Mícheál de Bhalís, took part in the Féile Scoildrámaíochta this year. They performed the play 'Jimín Mháire Thaidhg' on stage at the start of the month. They worked hard over the past few months learning the script. The actors, sound crew and backstage crew worked hand in hand and put on a great show. The adjudicator praised the performance and said it was clear that the pupils had put in a lot of hard work into the play. R5B's parents and others classes from the school were invited to see the play and they thoroughly enjoyed it.*




### Buaiteoirí Póstaeir Seachtain na Gaeilge 2026

| Rang | Siopa | Buaiteoir |
|---|---|---|
| R3A | Ingredients (Ollmhargadh Áitiúil) | Daniel Mac Giolla Bhríde |
| | Quattro | Eve Ní Mhalóid |
| R3B | La Belle | Siún Breathnach |
| | Fresh | Jamie Ó Donnabháin |
| R3C | Centra | Harry Mac Giolla Chaoin |
| | Giraffe | Keeva Ní Dhuinn |
| R4A | Vanity Rooms | Mamie de Poire |
| | Flemings | Eliza Ní Ghríofa & Saoirse Ní Throithigh |
| R4B | Woof n' Ready | Aisling Pléimeann |
| | Energie Fitness | Sarah Ní Chléirigh |
| R5A | Siopa Éisc George | Alyssa Nic Giolla Bhríde |
| | Borza | Fionn Breathnach |
| R5B | Gent's Barbershop | Cara Sinclé ir |
| | Fire & Stone | Khloe Ní Mháille |
| R6A | Rasa | Faith Charmant |
| | Cógaslann Mulveys | Róisín Pléimeann |
| R6B | Woodruff | Aisling Ní Rua |
| | Gníomhaire Eastáit Mark Kelly | Caoilinn Townsend |